**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA** **M.80T**

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 1999

753

# LÍNÍOCHT THEICNIÚIL – GNÁTHLEIBHÉAL - PÁIPÉAR I

(Plánchéimseata agus Dlúthchéimseata)

DÉARDAOIN, 17 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

200 marc


## TREORACHA

(a) **Ceithre** cheist a fhreagairt.
(b) Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.
(c) Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.
(d) Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar an bpáipéar freagraí.
(e) Tugtar na toisí go léir ina milliméadair ar an bpáipéar ceisteanna.
(f) Is ceadmhach teilgean den chéad uillinn nó den tríú huillinn a úsáid.

---

**1.** I bhFíor 1 taispeántar cló isiméadrach de dhlúthóg dheilbhithe.

(a) Tarraing ingearchló den dlúthóg ag féachaint i dtreo na saighde.
(b) Teilg bonnchló ón ingearchló.
(c) Teilg ingearchló nua ó bhonnchló na dlúthóige a thaispeánfaidh fíorchruth an dromchla A.





**FÍOR 1**

THALL →

**2.** I bhFíor 2 taispeántar ceathairshleasán ABCD ina bhfuil an achar céanna sna triantáin ABC agus ACD.
Tá sleasa an triantáin ABC sa choimheas 5:5:2.

**(a)** Tarraing an ceatharshleasán ABCD ag taispeáint go soiléir conas a aimsítear na pointí C agus D.

**(b)** Tarraing cearnóg a mbeidh 1.5 oiread fairsinge ann agus atá sa cheatharshleasán ABCD.





**FÍOR 2**

**3.** I bhFíor 3 taispeántar an bonnchló agus an t-ingearchló de shorcóir A le pointe P ar an dromchla. Taispeántar, freisin, an bonnchló de dhronchón B agus tá airde 55 mm aige. Tá na dlúthóga araon ina luí ar an bplána cothrománach.

**(a)** Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló de na dlúthóga.

**(b)** Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló de sféar a bheidh ina luí ar an bplána cothrománach agus a bheidh ag teagmháil leis an sorcóir ag pointe P.

**(c)** Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló de sfear eile sa suíomh C atá ina luí ar an bplána cothrománach, dár trastomhas 40 mm agus a bheidh ag teagmháil leis an sorcóir A agus leis an gcón B.





**FÍOR 3**

**4.** I bhFíor 4 taispeántar an t-ingearchló agus an bonnchló de shorcóir agus trí phointe, A, B agus P ar an dromchla.

**(a)** Taispeáin, ar ingearchló an tsorcóra, conair héilics a thosaíonn ag an bpointe P agus a théann go barr an tsorcóra in aon imrothlú amháin.

**(b)** Tarraing an t-ingearchló de héilics eile a théann trí na pointí A agus B.





**FÍOR 4**

**5.** I bhFíor 5 taispeántar an t-ingearchló agus an bonnchló de dhlúthóg a ghearrfar leis an bhfiarphlána VTH.

**(a)** Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló den dlúthóg nuair a ghearrtar í leis an bhfiarphlána VTH.


**(b)** Tarraing fíorchruth an dromchla ghearrtha den dlúthóg.




**FÍOR 5**

**6.** **(a)** I bparabóil áirithe tá fad 20mm ón bhfócas go dtí an rinn. Tarraing cuid den pharabóil.

**(b)** I bhFíor 6 is í an líne DD an treoirlíne d'éilips áirithe agus is í an líne AB treo na haise. Is é 0.7 an éalárnacht an éilips agus tá P mar phointe ar an gcuar. Taispeáin conas a aimsítear suíomh an fhócais agus tarraing cuid den chuar.





**FÍOR 6**

**7.** I bhFíor 7, taispeántar an t-ingearchló agus an bonnchló de phriosma le bonn dronuilleogach a ngabhann poll cearnógach tríd, mar a thaispeántar.

**(a)** Tarraing na clónna a thugtar.

**(b)** Teilg taobhchló den dlúthóg.




**FÍOR 7**